**Comhairle an Aontais Eorpaigh**
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 6 Meán Fómhair 2023**

**CM 4016/23**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0149(NLE)**
**2023/0148(NLE)**
**2023/0147(NLE)**

**PECHE**
**PROCED**

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | LIFE.fisheries@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.6083 |
| Ábhar: | 1) Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) -<br>- Glacadh<br>2) Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)<br>- Glacadh<br>3) Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>= DEIREADH AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí leis seo go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 4015/23 an 4 Meán Fómhair 2023, a thabhairt i gcrích an 6 Meán Fómhair 2023 agus gur vótáil na toscaireachtaí go léir i bhfabhar an mhéid seo a leanas:

- glacadh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, mar a leagtar amach in 9856/23 é; agus an Rialacháin thuasluaite ón gComhairle maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta, mar a leagtar amach in 9866/23 é;
- an aontaíonn sibh le comhaontú i bprionsabal i dtaca leis an gCinneadh thuasluaite ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 9862/23 é, agus é a chur ar aghaidh, in éineacht le téacs an phrótacail (9890/1/23 REV 1), chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Glactar dá bhrí sin an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach agus an Rialachán ón gComhairle maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal i ndáil leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le cur i gcrích, agus cuirfear an cinneadh sin, mar aon le téacs an phrótacail, ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an ráiteas ón gCoimisiún in 10337/1//23 REV 1 ADD 1. Déanfar an ráiteas sin a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráiteas atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Ba mhaith le hArdrúnaíocht na Comhairle buíochas a ghabháil leis na toscaireachtaí agus leis an gCoimisiún as a gcomhar.